C/2023/414

23.11.2023

P9_TA(2023)0064

Longa paisinéirí róró: ceanglais chobhsaíochta

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Márta 2023 ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2003/25/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais chobhsaíochta fheabhsaithe a chur léi agus í a ailíniú le ceanglais chobhsaíochta atá sainmhínithe ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (COM(2022)0053 – C9-0047/2022 – 2022/0036(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

(C/2023/414)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0053),

— ag féachaint d'Airteagail 294(2) agus 100(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0047/2022),

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 18 Bealtaine 2022 [1],

— tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

— ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 21 Nollaig 2022 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (A9-0255/2022),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaiminte náisiúnta.

P9_TC1-COD(2022)0036

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 14 Márta 2023 chun go nglacfaí Treoir (AE) 2023/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2003/25/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais chobhsaíochta fheabhsaithe a chur léi agus an Treoir sin a ailíniú leis na ceanglais chobhsaíochta atá sainithe ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Treoir (AE) 2023/946.)

---

[1] IO C 323, 26.8.2022, lch. 119.